Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10857/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0161(NLE)**

**ECOFIN 857**
**UEM 285**
**FIN 924**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Ísiltír an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 8 Iúil 2022, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Deireadh Fómhair 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 5 Samhain 2024[4], an 13 Bealtaine 2025[5] agus an 20 Eanáir 2026[6].

(2) An 22 Bealtaine 2026, rinne an Ísiltír iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Ísiltír.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ísiltír isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 12 bheart.

---

2 Féach doiciméid ST 12275/22 agus ST 12275/22 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
3 Féach doiciméid ST 13613/23 agus ST 13613/23 REV 1 (ga); ST 13613/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
4 Féach doiciméid ST 13789/24 agus ST 13789/24 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
5 Féach doiciméid ST 8132/25 agus ST 8132/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
6 Féach doiciméid ST 17030/25 agus ST 17030/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, i ngeall ar an ualach mór riaracháin is gá chun cur chun feidhme an bhirt a fhíorú. Baineann an méid sin le beart C1.1 I1 (Gaoth amach ón gcósta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, i ngeall ar mheascán de mhoilleanna ar sholáthar trealaimh, dúshláin theicniúla agus saincheisteanna a eascraíonn as plódú eangaí atá imithe in olcas, go háirithe i suíomhanna a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir le cur chun feidhme an bhirt. Baineann an méid sin le beart C1.1 I3 (Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal Seirbhísí Astaíochtaí Nialasacha (ZES)). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, i ngeall ar mhoilleanna arb é frasaíocht thar a bheith trom is cúis leo, rud a chuir cosc ar oibreacha a dhéanamh. Baineann an méid sin le beart C1.2 I1 (Clár Dúlra). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, i ngeall ar an riosca de mhaoiniú dúbailte le clár cistiúcháin eile de chuid an Aontais a dhéanfadh difear do na haschuir chéanna. Baineann an méid sin le beart C2.2 I2 (Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil dhá bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, i ngeall ar chostais mhaoiniúcháin atá ard i gcónaí, ganntanais lucht saothair in earnáil na tógála agus éileamh níos ísle ná mar a bhí coinne leis. Baineann an méid sin le bearta C3.1 I1 (Tionscadail tógála nua a dhíghlasáil) agus C3.2 I1 (Scéim fóirdheontais le haghaidh inbhuanaitheacht réadmhaoine san earnáil phoiblí). Ar an mbonn sin, d’iarr an Ísiltír go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an Ísiltír go bhfuil trí bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann an méid sin le bearta C4.1 R2 (Árachas míchumais do dhaoine féinfhostaithe (athainmnithe Athchóiriú C4.1 R2 Tuilleadh cinnteachta a sholáthar d’oibrithe solúbtha agus Athchóiriú nua breise C4.1 R5 Deireadh a chur leis an gcúlchiste seanaoise)), C4.1 R3 (Athchóiriú ar an dara colún den chóras pinsin) agus C4.1 R4 (Dul i ngleic le féinfhostaíocht bhréagach). Ar an mbonn sin, d’iarr an Ísiltír go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

(10) Tar éis an íslithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart áirithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d’iarr an Ísiltír úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an ísliú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme trí bheart a ardú. Baineann an méid sin le bearta C1.1 I6 (AanZET), C2.2 I1 (An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)) agus C3.2 I2 (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh). Ar an mbonn sin, d’iarr an Ísiltír go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme trí bheart a ardú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(11) Sainaithníodh aon earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022, lena ndéantar difear do sprioc amháin agus d'aon bheart amháin faoi chomhchuid amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Iúil 2022, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ísiltír. Baineann an earráid chléireachais sin le sprioc 56 de C2.2 I3 (Stáisiúin chliste cois bóthair (iWKS)) faoi gcomhchuid 'Dlús a chur leis an Aistriú Digiteach'. Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do chur chun feidhme an bhirt lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 56,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 100 % de chostas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(14) D’iarr an Ísiltír ísliú ar leibhéal cur chun feidhme beart áirithe agus úsáid a bhaint as na hacmhainní chun trí bheart a uas-scálú, is iad sin bearta C1.1 I6 (AanZET), C2.2 I1 (An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)) agus C3.2 I2 (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh). Is ionann na hathruithe sin agus méadú beag ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an aistriú glas. Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú glas.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 28,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(16) D’iarr an Ísiltír ísliú ar leibhéal cur chun feidhme beart áirithe agus úsáid a bhaint as na hacmhainní chun trí bheart a uas-scálú, is iad sin C1.1 I6 (AanZET), C2.2 I1 (An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)) agus C3.2 I2 (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh). Is ionann na hathruithe sin agus athrú beag diúltach ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an aistriú digiteach. Tá na bearta sa phlean leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú digiteach.

***Costáil***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé , tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(18) An fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, tá sí mionsonraithe agus tá bunús maith léi. Thairis sin, chuir an Ísiltír doiciméid ar leithligh isteach agus orthu sin bhí tuairiscí níos críochnúla ar an modheolaíocht is bun leis na ríomhanna costais agus mínithe ar an gcaoi a mbaineann tionscadail a bhí ann roimhe seo le meastacháin chostais na mbeart leasaithe, i bhfoirm dhoiciméadachta, agus ar an mbreisíocht a ghabhann le cistiú ón Aontas i gcás inarb infheidhme. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais agus ar an bhfaisnéis tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart leasaithe, go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte, agus nach gcuimsíonn siad costais a chumhdaítear le maoiniú reatha ón Aontas nó le maoiniú atá beartaithe aige. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá údar le rátáil B i gcás an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(19) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ísiltír chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a mhéid a bhaineann le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], mheas an Ísiltír gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mar sin féin, mheas an Ísiltír nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i bhfianaise mhéid teoranta an chistithe in aghaidh an tionscadail agus na ndúshlán a bhaineann le hindéantacht a áirithiú laistigh de thráthchlár an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Dá bhrí sin, thug an Ísiltír tús áite do bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta atá ann cheana a uas-scálú.

[7] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) 2013/1303, (AE) 2014/223, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Measúnú dearfach*

(21) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(22) Is é EUR 5 443 259 340 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Ísiltír, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre, ba cheart gurb é EUR 5 441 423 046 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ísiltír.

---

8 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a ionadú go hiomlán.

(24) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d’fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhormheas.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na hÍsiltíre.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*